

Siollabas Nua don Chéad Bhliain Ollscoile

Fillteán Foghlama don Chéad Bhliain

Treoir do Mhic Léinn



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Fillteán Foghlama don Chéad Bhliain

Clár

Treoir Ghinearálta	lch 3
Tasc 1 Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa scríobh*	lch 5
Tasc 2 Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa chaint*	lch 6
Tasc 3 Agallamh	lch 7
Tasc 4 Píosa taighde*	lch 8
Tasc 5 Cur i láthair*	lch 8
Tasc 6 Cúrsa beatha agus litir iarratais	lch 9
Tasc 7 Obair ghrúpa*	lch 10
Tasc 8 Cúrsaí Gaeltachta	lch 11
Tasc 9 (a): Léirmheas leabhair	lch 12
(b): Léirmheas eile	lch 12
Tasc 10 Píosaí scríbhneoireachta	lch 13

*Tascanna éigeantacha

Sampla d'anailís ar thasc 9 (a)	lch 14
Sampla d'anailís ar thasc 9 (b)	lch 15
Sampla d'anailís ar thasc 1	lch 16
Anailís ar na tascanna: Teimpléad	lch 18
Seicliosta don fhillteán foghlama	lch 19
Earráidí Coitianta	lch 20
Ceisteanna Coitianta faoin bhfillteán foghlama	lch 22

Treoir Ghinearálta

Tá **naoi dtasc** le déanamh i rith na bliana agus tá na tascanna sin le cur i bhfillteán foghlama. Chomh maith leis na tascanna féin, tá **anailís** le déanamh ar gach tasc. Is é atá i gceist anseo ná cur síos ar conas a thug tú faoin tasc a dhéanamh, na dúshláin a bhuail leat i ndéanamh an tasc agus an méid a d'fhoghlaim tú faoin teanga agus tú i mbun an tasc. Tá samplaí den chineál anailíse atá ag teastáil tugtha ar leathanaigh 14-17.

Tá tasc amháin is féidir a fhágáil ar lár, ach bí cúramach, tá tascanna 1, 2, 4, 5, 7 éigeantach – ní féidir aon cheann de na tascanna sin a fhágáil ar lár.

An Anailís

Is é atá ag teastáil san anailís ná machnamh a dhéanamh ar an tslí ar thug tú faoin tasc agus ar an méid a d'fhoghlaim tú. Caithfidh tú anailís a dhéanamh ar gach tasc – **níl an tasc déanta go dtí go mbíonn an anailís déanta**. Seo a leanas na nithe a gcaithfidh tú cuntas a thabhairt orthu san anailís:

An modh a d'úsáid tú	Conas a thug tú faoin tasc? Ar labhair tú le daoine eile chun comhairle a fháil? Ar úsáid tú foclóir nó leabhar gramadaí? Ar éist tú le clár raidió a chabhródh leat? Ar léigh tú alt? An bhfuair tú cabhair ón teagascóir nó ó do chomh-mhic léinn?
Na dúshláin a bhuail leat	Cad a bhí deacair faoin tasc? An raibh deacracht agat leis an tasc féin nó leis an teanga? Cad a rinne tú chun na deacrachtaí sin a shárú?
Cad a d'fhoghlaim tú?	Déan cur síos anseo ar na rudaí nua a d'fhoghlaim tú agus tú i mbun an tasc. D'fhéadfadh gur stór focal nua, nathanna nua, patrún nua gramadaí, scil nua (riail ghramadaí a sheiceáil i leabhar gramadaí, focal a chuardach i bhfoclóir) a bheadh i gceist.

Moltar duit liosta a choimeád d'aon obair bhreise a rinne tú i rith na bliana: ailt bhreise a léigh tú, agallaimh ar éist tú leo, cláir theilifíse nó scannáin a chonaic tú, aon rud breise a rinne tú chun feabhas a chur ar do chuid Gaeilge nó chun deiseanna a chruthú duit féin feabhas a chur ar na scileanna éagsúla teanga. Is féidir an liosta seo a chur leis an bhfillteán foghlama.

Ord

Ní gá go dtabharfaí faoi na tascanna san ord ina bhfuil siad leagtha amach thíos – má oireann sé níos fearr duit an t-agallamh a dhéanamh níos déanaí sa bhliain, mar shampla, seans gur féidir sin a dhéanamh ach é a phlé leis an teagascóir. Den chuid is mó, áfach, beidh na tascanna ceangailte leis an obair ranga agus leagfaidh an teagascóir amach sceideal do chomhlíonadh na dtascanna a bheidh bunaithe ar a bhfuil á mhúineadh sa rang agus ar an obair ranga.

Measúnú

Gheobhaidh tú treoir maidir leis an scrúdú agus gach gné eile den mheasúnú ó do theagascóir.

Tasc 1: Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa scríobh

Seo tasc atá le déanamh ag tús na bliana. Iarrfaidh an teagascóir ort píosa a scríobh faoi thopaic de do rogha féin (bunaithe ar a bhfuil pléite sa rang) agus ceartóidh an teagascóir an píosa. An aidhm atá leis an gceartúchán ná go mbeidh léargas éigin agat ag tús na bliana ar na fadhbanna teanga is mó atá agat agus ar cad iad na hearráidí is coitianta a dhéanann tú. Beidh sé mar sprioc agat na hearráidí sin a cheartú, níos mó eolais a fháil fúthu chun iad a sheachaint arís agus cleachtaí breise a mholfaidh an teagascóir duit a bheidh bainteach leis na hearráidí sin a dhéanamh. Cuirfidh tú an píosa scríbhneoireachta seo san fhillteán foghlama agus scríobhfaidh tú cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú (an tasc). Beidh anailís le déanamh ar an tasc seo chomh maith, ina ndéanfaidh tú cur síos ar conas a thug tú faoin tasc seo, na dúshláin a bhuail leat agus an méid a d'fhoghlaim tú.

Déan iarracht i rith na bliana cuntas rialta a choimeád ar na hearráidí a dhéanann tú, níos mó eolais a fháil fúthu agus iarracht a dhéanamh iad a ghlanadh as do chuid scríbhneoireachta / as do chuid cainte. B'fhiú, mar shampla, cóipleabhar ar leith nó leabhar beag nótaí a bheith agat ina mbreacfaidh tú síos na hearráidí / na ceartúcháin.

Céim 1: An píosa a scríobh (tusa).

Céim 2: An píosa a cheartú (an teagascóir).

Céim 3: An tasc féin: Cuntas a scríobh ar na hearráidí (tusa).

Céim 4: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama (tusa).

Tasc 2: Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa chaint

Nóta:

D'fhéadfadh mic léinn ar cainteoirí dúchais iad tasc breise scríbhneoireachta a dhéanamh in áit an tasc seo (féach tasc 1).

Is ag tús na bliana a dhéanfar an tasc seo chomh maith. Déanfaidh tú taifeadadh ort féin ag labhairt faoi thopaic éigin de do rogha féin (bunaithe ar a bhfuil pléite sa rang). Ní gá dul thar thrí nóiméad sa taifeadadh. Éistfidh an teagascóir leis an taifeadadh agus cuirfidh sé/sí moltaí ar fáil duit faoi do chuid foghraíochta, faoi aon fhadhbanna atá agat le fuaimniú, agus faoi earráidí a dhéanann tú sa chaint. Beidh sé mar aidhm agat na hearráidí sin a cheartú, níos mó eolais a fháil fúthu chun iad a sheachaint agus cleachtaí breise a mholfaidh an teagascóir duit a bheidh bainteach leis na hearráidí sin a dhéanamh. Scríobhfaidh tú cuntas sa tasc ar na hearráidí a rinne tú sa phíosá taifeadta. Beidh anailís le déanamh ar an tasc seo chomh maith, ina ndéanfaidh tú cur síos ar conas a thug tú faoin tasc seo, na dúshláin a bhuailead agus an méid a d'fhoghlaim tú.

Céim 1: An píosa a thaifeadadh (tusa).

Céim 2: Aiseolas a fháil faoin taifeadadh (teagascóir).

Céim 3: An tasc féin: Cuntas a scríobh ar na hearráidí (tusa).

Céim 4: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama (tusa).

Más féidir leat, déan iarracht tú féin a thaifeadadh go rialta i rith na bliana agus éisteacht leat féin arís i gcomhthéacs aon eolais nua atá foghlamtha agat faoin teanga. An gcloiseann tú aon earráidí? Más maith leat, iarr ar dhuine eile éisteacht leat – an aithníonn seisean/sise earráidí?

Tasc 3: Agallamh

Beidh ort agallamh as Gaeilge a chur ar dhuine de do rogha féin. Caithfidh tú duine a fháil, ceisteanna a chumadh le cur air/uirthi agus cuntas gearr a scríobh ar an méid a bhí le rá aige/aici. Is féidir gléas taifeadta nó leabhar nótaí a úsáid don agallamh. Cuirfidh tú na ceisteanna a chum tú agus an cuntas faoin agallamh san fhillteán. Beidh anailís le déanamh ar an tasc chomh maith. Maidir le duine a roghnú, d'fhéadfá smaoineamh ar léachtóir, mac léinn eile, Oifigeach Gaeilge an choláiste, Oifigeach Gaeilge na mac léinn, duine atá ag obair le Gaeilge, duine ó eagraíocht Ghaeilge, aon duine de do rogha féin a bhfuil Gaeilge aige/aici. Bheadh sé inmholta aidhm chinnte a bheith leis an agallamh.

Samplaí:

Agallamh ar Oifigeach Gaeilge na mac léinn faoi na himeachtaí atá beartaithe aige/aici don bhliain atá amach romhainn.

Agallamh ar bhainisteoir na bialainne Gaeilge sa chathair faoi conas mar a mheallann sé/sí custaiméirí go dtí an bhialann.

Agallamh ar stiúrthóir chlub sóisialta Gaeilge éigin faoi conas mar a bunaíodh an club.

Agallamh ar chomh-mhac léinn faoi chaitheamh aimsire spéisiúil atá aige/aici.

Céim 1: Duine a roghnú agus agallamh a shocrú.

Céim 2: Aidhm a shocrú don agallamh.

Céim 3: Ceisteanna a chumadh.

Céim 4: An t-agallamh a dhéanamh.

Céim 5: Cuntas a scríobh ar an méid a dúradh.

Céim 6: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama.

Tascanna 4 agus 5: Píosa Taighde agus Cur i Láthair

Beidh píosa taighde le déanamh agat ar ábhar de do rogha féin. D'fhéadfadh gur topaic a tháinig chun cinn sna ranganna a bheadh i gceist (Gaelscoileanna, Gaeltacht éigin, páistí á dtógáil le Gaeilge, mionteangacha, canúintí, áiseanna teicneolaíochta sa Ghaeilge srl.) nó aon topaic de do rogha féin (scéim taistil an J1, an caitheamh aimsire is fearr leat, grúpa ceoil, suíomh gréasáin, tír éigin ar mhaith leat dul ann, comhlacht ar mhaith leat obair ann, rud ar bith faoin spéir a bhaineann le do chuid spéiseanna). Scríobhfaidh tú píosa gearr faoi do thaighde agus gan amhras déanfaidh tú anailís don fhillteán foghlama chomh maith ar an modh a d'úsáid tú, ar na dúshláin a bhuaill leat agus ar an méid a d'fhoghlaim tú.

Tá tasc 5 ceangailte leis seo mar beidh ort cur i láthair bunaithe ar do phíosa taighde a ullmhú. Beidh an cur i láthair le déanamh uair éigin i rith na bliana sa seomra ranga – is maith an smaoineamh é an cur i láthair a chleachtadh le do chomh-mhic léinn roimh ré agus a gcuid aiseolais a lorg.

- Céim 1: Ábhar a roghnú
- Céim 2: An taighde a dhéanamh agus píosa a scríobh faoi (tasc 4)
- Céim 3: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama ar thasc 4.
- Céim 4: Cur i láthair gearr (3 nóiméad) a ullmhú bunaithe ar do thaighde (tasc 5). Tá na pointí gearra / nótaí a bheidh agat do do phíosa cainte le cur san fhillteán.
- Céim 5: An cur i láthair a chleachtadh le daoine eile.
- Céim 6: An cur i láthair a dhéanamh sa rang.
- Céim 7: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama ar thasc 5.

Ná déan dearmad go bhfuil dhá anailís le déanamh anseo: ceann do thasc 4 agus ceann do thasc 5.

Tasc 6: Cúrsa Beatha agus Litir Iarratais

Ullmhóidh tú do chúrsa beatha i nGaeilge maraon le litir iarratais do phost mar chinnire ar chúrsa Gaeilge (nó post de do rogha féin). Mar is gnách beidh an anailís le déanamh ar an tasc seo chomh maith. Déan iarracht aiseolas a fháil faoi do chúrsa beatha chun go mbeidh sé chomh cruinn agus chomh héifeachtach agus is féidir (aiseolas ó chomh-mhic léinn, teagascóir, cairde srl.). Tá dhá rud le smaoineamh orthu agus do chúrsa beatha á ullmhú agat: (i) an bhfuil an Ghaeilge cruinn?; (ii) an bhfuil an cúrsa beatha leagtha amach go slachtmhar, néata i slí a bheadh tarraingteach don léitheoir?

Céim 1: Cúrsa beatha a ullmhú agus aiseolas a fháil faoi.

Céim 2: Litir iarratais a scríobh (samhlaigh agus tú ag scríobh na litreach go bhfuil tú ag iarraidh cur isteach ar phost mar chinnire ar chúrsa samhraidh sa Ghaeltacht nó ar phost oiriúnach eile a bhfuil an Ghaeilge riachtanach dó).

Céim 3: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama.

Bí cinnte go bhfuil (i) an cúrsa beatha agus (ii) an litir iarratais san fhillteán.

Tasc 7: Obair Ghrúpa

Roinnfidh an teagascóir an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Beidh ar gach grúpa píosa taighde a dhéanamh ar cheann de na topaicí thíos. Caithfidh baill an ghrúpa an obair a roinnt eatarthu agus ansin tuairisc a scríobh le chéile ar an taighde a rinne siad. San anailís a dhéanfar ar an tasc seo beidh píosa le scríobh faoin gcur chuige a bhí ag an ngrúpa – conas mar a roinneadh an obair, conas mar a rinneadh an taighde, conas mar a rinneadh cinneadh cé a dhéanadh na gnéithe éagsúla den obair.

Grúpa 1: Taighde ar ghné éigin den teicneolaíocht a bhaineann leis an nGaeilge (suímh ghréasáin, pacáistí ríomhaireachta, áiseanna teagaisc ar líne, irisí ar líne, úsáid na Gaeilge ar fhóin phóca srl). Mar chuid den taighde, déan an ghné áirithe den teicneolaíocht a bhfuil an grúpa ag plé léi a thriail agus déan léirmheas uirthi.

Grúpa 2: Taighde ar fhoilseacháin i nGaeilge. Is féidir foilseacháin ar líne a chur san áireamh anseo.

Grúpa 3: Taighde ar ghné éigin a bhaineann leis an raidió trí Ghaeilge (RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, cláir Ghaeilge ar RTÉ, Raidió Rí Rá).

Grúpa 4: Taighde ar na hacmhainní atá ar fáil don fhoghlaimeoir Gaeilge (pacáistí teagaisc, suímh ghréasáin, irisí, dlúthdhioscaí srl).

Grúpa 5: Taighde ar ghné éigin de thionscal na teilifíse (an Ghaeilge ar RTÉ, ghné éigin de TG4).

Céim 1: Cinneadh a dhéanamh faoin ábhar

Céim 2: An obair a roinnt

Céim 3: An taighde a dhéanamh

Céim 4: Cuntas a scríobh ar an taighde

Céim 5: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama (bíodh cuntas ar mhodh oibre an ghrúpa anseo).

Tasc 8: Cúrsaí Gaeltachta

Má fhreastalaíonn tú ar chúrsa Gaeltachta i rith na bliana is féidir leat anailís a dhéanamh ar an tréimhse a chaith tú sa Ghaeltacht mar cheann de na tascanna.

Mura raibh seans agat tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht mar chuid de do chúrsa léinn, is féidir anailís a dhéanamh ar aon tréimhse a chaith tú sa Ghaeltacht (cúrsa samhraidh nuair a bhí tú ar scoil, mar shampla).

Bíodh téama nó aidhm chinnte leis an anailís / an píosa a scríobhann tú.

Samplaí:

Cúrsa Gaeltachta leis an gColáiste:

- Agallamh le duine éigin sa Ghaeltacht faoina s(h)aol / faoin obair a dhéanann sé/sí / faoi na hathruithe atá tugtha faoi deara aige/aici ar an gceantar.
- Anailís ar na rudaí a thug tú faoi deara / rudaí a chuir iontas ort / rudaí nach raibh coinne agat leo i bhfianaise an méid a d'fhoghlaim tú sna ranganna.
- Comparáid idir an méid a shíl tú faoi ghnéithe éagsúla den chúrsa nó de shaol na Gaeltachta agus an méid a thug tú faoi deara.

Cúrsa eile Gaeltachta:

D'fhéadfá an tréimhse a chaith tú sa Ghaeltacht agus tú ar scoil a chur i gcomparáid le haon tuiscintí faoin nGaeltacht nó faoi phobal na Gaeltachta a shealbhaigh tú sna seisiúin teagaisc go dtí seo.

Mic léinn Ghaeltachta:

- Taighde ar Ghaeltacht eile agus cuntas a scríobh ar an taighde sin.
- Éisteacht le míreanna raidió / cláir theilifíse (3 cinn) i gcanúint eile agus cuntas a scríobh ar na píosaí ar éist tú leo.
- Píosa a scríobh faoi do thaithí phearsanta féin mar dhuine dátheangach.

Tasc 9: (a) Léirmheas leabhair agus (b) Léirmheas eile

(a) Léirmheas leabhair

Scríobhfaidh tú léirmheas ar leabhar de do rogha féin. Ní gá gur leabhar Gaeilge a bheadh i gceist – is cuma cén teanga atá sa leabhar, an príomhrud ná go bhfuil spéis agat ann. Bíonn léirmheasanna leabhar i nGaeilge ar fáil ar an suíomh gréasáin www.beo.ie agus ar shuíomh gréasáin an chomhlacht foilsitheoireachta Cois Life (www.coislife.ie). D'fhéadfaidís a bheith cabhrach duit agus tú ag scríobh do léirmheasa féin.

(b) Léirmheas eile

Scríobhfaidh tú léirmheas ar cheann de na nithe seo a leanas: (i) ceolchoirm; (ii) dlúthdhiosca; (iii) scannán; (iv) cluiche ríomhaireachta; (v) bialann; (vi) suíomh gréasáin; (vii) iris; (viii) ócáid shóisialta de do rogha féin.

Beidh an anailís le déanamh don dá thasc thuas chomh maith.

- Céim 1: Léirmheas leabhair a scríobh
- Céim 2: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama
- Céim 3: Léirmheas eile a scríobh
- Céim 4: Anailís a scríobh don fhillteán foghlama

Tasc 10: Píosaí Scríbhneoireachta

Beidh dhá phíosa ghearra scríbhneoireachta le cumadh agat a léireoidh an difríocht idir cineálacha difriúla scríbhneoireachta.

Roghnaigh dhá cheann as an liosta seo:

- (i) Thug an léachtóir bradaíl liteartha faoi deara in aiste de do chuid. Scríobh litir chuig an gCeann Roinne ag gabháil leithscéil leis/léi as an méid a tharla.
- (ii) Tá tú ag cur isteach ar scoláireacht Ghaeltachta urraithe ag Foras na Gaeilge. Scríobh píosa ag áiteamh gur tusa an duine is fearr don scoláireacht seo.
- (iii) Scríobh dán faoi do chéad bhliain sa Choláiste.
- (iv) Scríobh cuntas ar an scannán is fearr a chonaic tú le déanaí.
- (v) Cuir bróisiúr agus póstaer le chéile mar ábhar poiblíochta d'iris nua atá á foilsiú ar an idirlíon ag na mic léinn sa chúrsa Gaeilge.
- (vi) Scríobh píosa cruthaitheach dar teideal 'Áthas'.
- (vii) Fuair tú fillteán mór nótaí ar iasacht ó do chomh-mhac léinn. Chaill tú cuid díobh. Scríobh ríomhphost chuige/chuici ag míniú an scéil.

Ná déan dearmad an teanga a roghnaíonn tú a bheith oiriúnach don chomhthéacs atá i gceist!

Sampla d'Anailís ar Thasc 9 (a)

Tasc	Tasc 9 (a)
Cur Síos	Léirmheas ar <i>The Queen's Fool</i> le Philippa Gregory
Dáta	11 Samhain 2009
Modh	Léigh mé an leabhar, scríobh mé achoimre ar an scéal agus thug mé mo thuairimí faoin leabhar. Labhair mé le cara liom a léigh an leabhar céanna agus chuir mé a tuairimse san áireamh chomh maith. D'fhéach mé ar www.amazon.com chun tuairimí léitheoirí eile a fháil faoin leabhar agus rinne mé tagairt do sin sa léirmheas. Léigh mé léirmheas leabhair ar www.beo.ie. Chabhraigh sé liom roinnt frásaí úsáideacha a fhoghlaim chun mo chuid tuairimí a chur in iúl agus d'úsáid mé i mo léirmheas féin iad.
Dúshlán	Bhí sé an-deacair léirmheas a dhéanamh ar an leabhar mar an taithí a bhí agam ná scéal a thabhairt ar ais. Bhí deacracht agam anailís a dhéanamh chomh maith. Ar deireadh, scríobh mé achoimre an-ghearr ar an scéal féin agus thug mé an spás is mó do mo chuid tuairimí féin faoin leabhar.
Feabhas	Cheartaigh an teagascóir an léirmheas. Bhí a lán earráidí litrithe ann, go mór mór leis na briathra. D'fhéach mé ar <i>An Foclóir Beag</i> ar líne chun an litriú ceart a aimsiú. Dúirt an teagascóir go raibh mé ag úsáid na leaganacha céanna chun tuairimí a chur in iúl faoin leabhar. D'fhoghlaim mé frásaí nua in áit 'thaitin an leabhar liom': 'shíl mé gur sárleabhar é', 'bhain mé an-sult as an leabhar', 'mholfainn an leabhar d'éinne', 'is iontach mar a chuir an t-údar saol na linne sin os ár gcomhair'.

Sampla d'Anailís ar Thasc 9 (b)

Tasc	Tasc 9 (b)
Cur síos	Léirmheas ar an iris <i>Irish Tatler</i>
Dáta	8 Nollaig 2009
Modh	Léigh mé an iris seo chun léirmheas a dhéanamh uirthi ó thaobh an dearcadh atá inti ar an saol agus ar cad é an cineál saoil atáthar ag cur chun cinn san iris. Thug mé faoi deara go bhfuiltear ag iarraidh rudaí atá an-daor a mholadh do dhaoine (bróga ar €500 mar shampla) agus saoire ar €10,000. Ba léir go raibh na heagarthóirí ag díriú ar phobal daoine a bhfuil ioncam ard acu. Rinne mé comparáid le <i>U Magazine</i> atá dírithe ar phobal léitheoireachta eile agus a luann earraí atá ar fáil i siopaí mar <i>Penneys</i> seachas <i>Brown Thomas</i>. Rinne mé tagairt sa léirmheas don dearcadh atá ann i dtaobh na mban in irisí mar <i>Marie Claire</i> agus <i>Cosmopolitan</i> agus <i>Irish Tatler</i>. Labhair mé le cairde de mo chuid a léann irisí ban agus chuir mé a dtuairimí siúd san áireamh chomh maith.
Dúshlán	Bhí sé éasca léirmheas a scríobh ar an iris seo mar go bhfuil an-suim agam in irisí ban. Bhí sé an-spéisiúil an chomparáid a fheiceáil idir an dearcadh i leith na mban san iris seo agus in irisí eile ban. Ní raibh sé chomh dúshlánach leis an léirmheas ar an leabhar mar go raibh sé níos éasca plé le hait éagsúla i bhfoirm irise ná le léirmheas ar leabhar fada amháin.
Feabhas	Dar leis an teagascóir bhí fadhbanna agam le frásaí chun tuairimí a chur in iúl. Bhain mé úsáid as 'i mo thuairim féin' an t-am ar fad. Anois bainfidh mé úsáid as nathanna eile mar 'dar liom', 'is é a cheapaim ná', 'thug mé faoi deara' agus cinn eile. Rinne mé an earráid <i>irisí mná</i> cúpla uair sa léirmheas. Tuigim anois gur <i>irisí ban</i> a deirtear agus rinne mé cleachtadh a mhol an teagascóir dom ar an tuiséal ginideach iolra chun é seo a chleachtadh.

Sampla d'Anailís ar Thasc 1

Tasc	Tasc 1
Cur Síos	Earráidí sa scríbhneoireacht
Dáta	20 Deireadh Fómhair 2009
Modh	Bhí trí phíosa scríbhneoireachta déanta againn ó thosaigh an cúrsa agus d'iarr an teagascóir orainn na píosaí seo a úsáid chun cuntas a scríobh ar na hearráidí a bhí déanta againn. Píosa 1: Bhí orainn labhairt le duine eile sa rang agus ceistneoir a líonadh isteach leo faoi na roghanna a rinne siad ar fhoirm an CAO agus cad a spreag iad le teacht chun na hOllscoile seo. Mar obair bhaile bhí orainn píosa a scríobh faoin agallamh / ceistneoir seo. Píosa 2: Achoimre ar na pointí a phléamar i ndíospóireacht ranga dar teideal 'Is fearr go mór a bheith i do chónaí sa bhaile le do thuismitheoirí ná do lóistín féin a bheith agat'. Píosa 3: D'éist muid le bean ag caint faoi na difríochtaí a fheiceann sí idir mic léinn Mheiriceánacha agus mic léinn Éireannacha. Bhí orainne píosa a scríobh faoi na tréithe a mheasaimid atá ag mic léinn Éireannacha. Cheartaigh an teagascóir na píosaí agus bhí ormsa féachaint ar na hearráidí ar fad a bhí iontu. Tá liosta díobh déanta agam don tasc.
Dúshlán	Níor thaitin an tasc seo liom mar bhí a lán ceartúchán ar mo chuid píosaí scríbhneoireachta agus is minic nach raibh mé cinnte cad a bhí mícheart leo. Bhí orm cuid acu a phlé arís leis an teagascóir. Chabhraigh sí liom na deacrachtaí is mó a aithint. Dúirt sí go mbeadh cuid díobh níos soiléire dom tar éis cúpla rang eile.
Feabhas	Seo an dá rud is mó a d'fhoghlaim mé – beidh an teagascóir ag dul trí rudaí eile de réir a chéile. Tuigim anois cúpla rud faoin uimhir iolra: bhí mise ag scríobh 'mic léinn Éireannach' agus 'mic léinn Meiriceánach' in ionad 'mic léinn Mheiriceánacha'. Tuigim chomh maith go bhfuil séimhiú ar an 'M' i 'Mheiriceánacha' toisc go gcríochnaíonn 'mic léinn' le consan caol. Chuir seo iontas orm – ní raibh sé riamh ar eolas agam cheana. Bhí fadhb agam leis an mbriathar 'cónaí': bhí mé ag scríobh 'daoine atá i gcónaí lena dtuismitheoirí' agus 'tá mo chara

	ina gcónaí lena cairde'. Is dóigh liom go bhfuil seo i gceart anois agam. Bhí cuid de na rudaí a bhí i gceist leis na hearráidí ar eolas agam cheana cé go raibh mé ag scríobh rud eile ar fad – bhí sé spéisiúil go raibh mé ag scríobh rud mícheart nuair a cheap mé go raibh sé ar eolas agam! (sampla: 'trí chara' in áit 'triúr cairde'). Bhí rudaí eile nach raibh cloiste riamh agam ('mic léinn Mheiriceánacha') ach tuigim anois iad. Tá roinnt rudaí nach bhfuilim cinnte fúthu fós ach tá an chuid is mó díobh ar liosta agam agus de réir mar a bheidh tuilleadh ceartúchán ag tarlú tá súil agam go dtuigfidh mé iad.
--	--

Anailís ar na Tascanna: Teimpléad

Seo thíos teimpléad don anailís a bheidh le déanamh ar gach tasc. Beidh an teimpléad seo le leanúint do gach tasc. Ag deireadh na bliana beidh naoi dteimpléad líonta agat.

Tasc	
Cur Síos	
Dáta	
Modh	
Dúshláin	
Feabhas	

Seicliosta don Fhillteán Foghlama

Seo thíos seicliosta don fhillteán foghlama. Is féidir leat an t-eolas a scríobh isteach agus é a chur san fhillteán.

Tasc	Dáta a rinne tú an tasc	Dáta a rinne tú an anailís
Tasc 1: Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa scríobh		
Tasc 2: Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa chaint		
Tasc 3: Agallamh		
Tasc 4: Píosa taighde		
Tasc 5: Cur i láthair		
Tasc 6: Cúrsa beatha agus litir iarratais		
Tasc 7: Obair ghrúpa		
Tasc 8: Cúrsaí Gaeltachta		
Tasc 9 (a): Léirmheas leabhair		
Tasc 9 (b): Léirmheas eile		
Tasc 10: Píosaí scríbhneoireachta		

Earráidí Coitianta

Seo thíos greille a bheadh cabhrach chun cuntas a choimeád ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú. Bíodh sé mar aidhm agat iad a ghlanadh as an gcaint agus as an scríobh!

Earráid	Ceartúchán
<i>Sampla:</i> <i>an fuair sí?</i>	<i>an <u>bh</u>fuair sí?</i>
<i>na h-áiteanna</i>	<i>na <u>há</u>iteanna</i>
<i>go híontach</i>	<i>go <u>hí</u>ontach</i>
<i>sa dara bhliain</i>	<i>sa dara <u>bli</u>ain</i>

Fillteán Foghlama don Chéad Bhliain

Ceisteanna Coitianta faoin bhFillteán Foghlama (le cur in eagar ag gach institiúid)

1. An mbronnfar marcanna ar obair an fhillteáin?

Tá seo le líonadh isteach ag an institiúid.

2. An gcuirfear ceisteanna orm faoin bhfillteán sa scrúdú cainte?

D'fhéadfadh go mbeadh tascanna an fhillteáin mar ábhar cainte sa scrúdú cainte. Sampla: Inis dom faoin obair ghrúpa a rinne tú / Cén duine a chuir tú faoi agallamh? / Cén cur i láthair a rinne tú?

Fágfar an cinneadh seo faoin institiúid – moltar go mbeadh an scéal amhlaidh, áfach.

3. An gcaithfidh mé gach tasc a dhéanamh?

Beidh **naoi** dtasc le déanamh agat i rith na bliana. Is féidir tasc amháin a fhágáil ar lár. **Ach tá Tascanna 1, 2, 4, 5, 7 éigeantach.**

4. Cad a tharlaíonn mura ndéanfaidh mé tasc?

Tá seo le líonadh isteach ag an institiúid.

5. An gcaithfidh mé an anailís a dhéanamh nó an leor an tasc féin?

Caithfear anailís a chur ar fáil do gach tasc. Ní bheidh an tasc déanta go dtí go mbeidh an anailís déanta.

6. Cathain a chaithfidh na tascanna a bheith déanta?

Tá seo le líonadh isteach ag an institiúid.

7. Cad iad na gnéithe a bheifear ag scrúdú agus marcanna á mbronnadh?

Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh agus marcanna á mbronnadh don fhillteán:

- (i) an tasc féin agus caighdeán an taisc.
- (ii) an anailís: an cur síos ar an modh, ar na dúshláin, ar cad a d'fhoghlaim tú.

Tabharfar na marcanna is airde do mhic léinn a chruthaíonn go ndearna siad tréaniarracht i ndéanamh an taisc agus a léiríonn dul chun cinn agus forbairt ar a gcuid scileanna teanga san anailís ar an tasc, chomh maith le caighdeán ard sa teanga féin.